

A thuismitheoir, caomhnóir, a chara,

Tá súil agam ag an tráth seo, go bhfuil sibh ar fad slán sábháilte sa bhaile agus muid ag fad ag iarraidh dul i ngleic le cúrsaí mar atá i dtaobh an choróinvíris agus normálacht de shaghas éigin a chruthú ag baile.

Ar ndóigh, ní bheidh an scoil ag athoscailt anois go dtí an 20 Aibreáin agus is údar inní dúinn ar fad an chaoi a bhfuil rudaí ag titim amach i láthair na huair, na dushláin éagsúla atá amach romhainn mar scoil agus mar shochaí, an aicíd seo a sheachaint ionas gur féidir linn fillleadh ar a ngnáth saoil arís le cúnamh Dé.

Idir an dá linn, tá sé an-tábhachtach dár scoláirí go mbeidh cleachtais mhaithe laethiúla acu i dtaobh a cuid foghlama agus folláine. Táimid mar scoilphobal ag iarraidh a ndíchill a dhéanamh, gan in iomarca brú nó struis a bheith orthu ag an am céanna. Leis sin, tá amchlár nua iniata leis an litir le tuilleadh tacaíochta a thabhairt don chianfhoghlaim ar líne ón mbaile. Iarrtar ar thuismitheoirí / caomhnóirí a bheith feasach agus airdeallach ar a ngasúr féin agus iad i mbun oibre ag leanacht an amchláir nua in éineacht le na dtoilteanas dul ar líne le fáil a bheith acu ar an obair, ionas go mbainfear an tairbhe is mó as an am atá ag scoláirí sa bhaile ón scoil.

Tuigtear go mbeidh amanna nach mbeidh daltaí in ann cloí leis an amchlár go docht agus nach mbeidh siad in ann dul ar líne ar fháth amháin nó fáth eile. Bheinn ag moladh sa chás seo, go ndéanfadh tuismitheoir / caomhnóir teagmháil liom láithreach ag an seoladh ríomhphoist [mairin.uimhainnin@gretb.ie](mailto:mairin.uimhainnin@gretb.ie) ag sonrú cén fáth nach bhfuil fáil ar a ngasúr ag an am áirithe sin.

Mar eolas daoibh, tá 'Microsoft Teams' socraithe suas ag gach múinteoir sa scoil ag an tráth seo agus fáil ag scoláirí ar ranganna ar líne, obair ranga / bhaile agus deis acu teagmháil rialta a dhéanamh le na múinteoirí ranga le linn amanna an amchláir agus teachtaireachtaí a sheoladh más gá le ceisteanna nó treoir a fháil maidir le hábhar scoile.

Ós a chionn sin, tá 'Microsort Teams' áirithe socraithe suas againn le haghaidh aird ar leith a tharraingt ar chúrsaí folláine. Is spás é seo ar líne gur féidir linn teagmháil a bheith againn le chéile mar scoilphobal, áit a mbeidh teacht ag do mhac / iníon ar eolas maidir le cúrsaí meabharshláinte / fógraí scoile agus ar theachttaireachtaí dearfacha agus muid ag déanamh ár ndícheall dul i ngleic leis

an saol mar atá sé i láthair na huairé le chéile. Mholfainn do gach scoláire a bheith rannphairteach anseo go rialta.

Táimid uilig ag iarraidh a gcion a dhéanamh agus cloí leis na treoracha atá tugtha dúinn maidir le fanacht slán agus amach óna chéile ionas nach scaipfear an víreas seo. Tá sé tábhachtach go ndéanann muid ar fad ár gcuid, trí cloí go dlúth le treoracha an rialtas / na hoifigí sláinte poiblí ag an tráth seo.

Beidh mé i dteagmháil libh ar bhonn leanúnach maidir le cúinsí scoile de réir mar a thagann nithe chun cinn, ach idir seo agus sin, fanaigí sábháilte.

Le gach dea-ghuí,

---

Máirín Ní Mhainnín  
Príomhoide